Tráth 1: **Acmhainn Mí na Samhna**

Is i rith Mhí na Samhna a bhíonn deis ar leith againn smaoineamh ar na daoine a d'imigh romhainn. Ní thagann cneasú chugainn gan smaoineamh orthu. Cé gur cailleadh ár muintir ghrámhar, beidh cuimhne againn orthu i gcónaí inár gcroí. Ag tús an ranga seo caithimis cúpla nóiméad ag cuimhneamh ar ár muintir ghrámhar a d'imigh ar shlí na fírinne. (Sos)

Breathnaigh ar an bhfíseán. Baineann sé le seirbhís chuimhneacháin dóibh siúd a cailleadh i dtragóid 9/11. Éist go cúramach le liricí an iomainn.

Breathnaigh: **https://youtu.be/lv4y3Pnh-qc** (4:25). Is é an curfá ná:

> Fiú dá dtiocfadh lá na seacht síon,
> Fiú dá dtitfeadh cuaifeach ceo ar shliabh
> Fiú dá dtarlódh spéirling 'lár na hoích'
> Bheadh tusa le mo thaobh.
> Fiú dá dtitfeadh grian anuas ón spéir,
> Fiú dá mbeadh sé'g sú chuige go tréan,
> Fiú dá mbeinn sa bhaile nó i gcéin
> Bheadh tusa le mo thaobh

Plé
Cad é brí an véarsa seo?

Machnamh Pearsanta
Déan cur síos ar an uair a tháinig an dubh anuas ortsa.

Déan cur síos ar an am inar mhothaigh tú go raibh Dia le do thaobh.

Machnamh Gearr
Dún na súile agus bí ag suí go compordach ar do chathaoir. Socraigh síos agus déan análú go domhain réidh. Ná déan rud ar bith as an ngnáth. Tabhair faoi deara an t-aer úr á shú isteach agat, agus an t-aer téite á chur amach agat.

Éist go cúramach leis an amhrán seo agus pioc amach aon smaoineamh a thabharfadh sólás don duine a bhí faoi bhrón.

Féach: **https://youtu.be/cRBzk2nsil4** (3:35)

Léigh an Soiscéal de réir N. Eoin 14:1-14. Scríobh síos cúig chinn de na véarsaí a thabharfadh sólás do na daoine ar cailleadh gaol nó cara leo.

Léigh na sleachta seo ón mBíobla. Cad atá á rá sna sleachta seo? (Scríobh síos anseo id' fhocail féin.)

Títeas 1:2	1 Peadar 1:1-12	Salm 23	Irimia 29:11-13

Dá mbeifeá ag tabhairt sóláis do chairde nó do bhaill teaghlaigh a chaill cara nó gaol, an mbainfeá úsáid as aon cheann de na sleachta sin ón mBíobla le cabhrú leo in am an ghátair? Más ea, cad iad na cinn a bheadh in úsáid agat?

Machnamh Pearsanta

Léigh tú na sleachta agus d'éist tú leis na hamhráin. Anois scríobh síos do thuairimí maidir le comhairle spioradálta a thabharfá do mhuintir na marbh. D'fhéadfadh go mbainfeadh an scoil Chaitliceach sin agaibhse úsáid as na focail seo le sólás a thabhairt do phobal na scoile i ndiaidh eachtra léanmhar.